AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 29.5.2020
COM(2020) 403 final

ANNEX 3

IARSCRÍBHINN

a ghabhann leis an

Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena mbunaítear an Clár InvestEU

IARSCRÍBHINN III
Eochairtháscairí feidhmíochta

1. Méid an mhaoinithe a dtugtar tacaíocht dó faoin gCiste InvestEU (arna mhiondealú de réir ionú beartais)

1.1 Méid na n-oibríochtaí a shínítear

1.2 An infheistíocht a shlógtar

1.3 Méid an mhaoinithe phríobháidigh a shlógtar

1.4 An éifeacht ghiarála agus an éifeacht iolraitheora a baineadh amach

2. Clúdach geografach an mhaoinithe a dtugtar tacaíocht dó faoin gCiste InvestEU (arna mhiondealú de réir ionú beartais, tíre agus réigiúin, de réir leibhéal 2 d'aicmiú comhchoiteann na n-aonad críche maidir le staidreamh (NUTS))

2.1 Líon na dtíortha (na Ballstáit agus tríú tíortha) a chumhdaítear leis na hoibríochtaí

2.2 An líon réigiún a chumhdaítear leis na hoibríochtaí

2.3 Méid na n-oibríochtaí de réir tíre (Ballstát agus tríú tír) agus de réir réigiúin

3. Tionchar an mhaoinithe faoin gCiste InvestEU

3.1 Líon na bpost a cruthaíodh nó a dtugtar tacaíocht dóibh

3.2 An infheistíocht lena dtugtar tacaíocht do chuspóirí aeráide agus, i gcás inarb infheidhme, arna miondealú de réir ionú beartais

3.3 An infheistíocht lena dtugtar tacaíocht don digitiú

3.4. An infheistíocht lena dtugtar tacaíocht don aistriú tionsclaíoch

4. Bonneagar inbhuanaithe

4.1 Fuinneamh: Acmhainneacht bhreise ghiniúna an fhuinnimh inathnuaite agus aon fhuinnimh shábháilte inbhuanaithe eile a bhfuil astaíochtaí ísle agus nialasacha ag baint leis a shuiteáiltear (i meigeavatanna (MW))

4.2 Fuinneamh: Líon na dteaghlach, líon na n-áitreabh poiblí agus tráchtála a bhfuil aicmiú ídithe fuinnimh feabhsaithe acu

4.3 Fuinneamh: Coigilteas fuinnimh measta a ghintear leis na tionscadail (i gcileavatuair (kWh))

4.4 Fuinneamh: Astaíochtaí gás ceaptha teasa in aghaidh na bliana a laghdaítear/a sheachnaítear i gcoibhéis tona CO_2

4.5 Fuinneamh: Méid na hinfheistíochta a dhéantar i mbonneagar fuinnimh inbhuanaithe chun é a fhorbairt, a dhéanamh níos cliste agus a nuachóiriú

4.6 An digitiú: Teaghlaigh, fiontair nó foirgnimh phoiblí bhreise a bhfuil rochtain leathanbhanda 100 Mbps ar a laghad acu a fhéadtar a uasghrádú go luas gigighiotánach, nó líon na mol Wi-Fi a cruthaíodh

4.7 An t-iompar: An infheistíocht a shlógtar, go háirithe in TEN-T

– An líon tionscadal trasteorann agus an líon tionscadal a lena ndírítear ar naisc in easnamh (lena n-áirítear tionscadail a bhaineann le nóid uirbeacha, naisc iarnróid thrasteorann réigiúnacha, ardáin ilmhódacha, calafoirt mhuirí, calafoirt intíre, naisc go

haerfoirt agus críochfoirt iarnróid atá ar chroíghréasán TEN-T agus ar an ngréasán cuimsitheach)

– An líon tionscadal a rannchuidíonn leis an iompar a dhigitiú, go háirithe trí úsáid a bhaint as an gCóras Eorpach um Bainistiú Tráchta Iarnróid (ERTMS), an Córas um Fhaisnéis Abhann (RIS), an Córas Cliste Iompair (CCI), córas faireacháin agus faisnéise um thrácht árthach (VTMIS)/ríomhsheirbhísí muirí agus taighde um bainistíocht aerthráchta maidir leis an Aerspás Eorpach Aonair (SESAR)

– Líon na bpointí soláthair breoslaí malartacha a tógadh nó a ndearnadh uasghrádú orthu

– Líon na dtionscadal lena rannchuidítear le sábháilteacht an iompair

4.8 An comhshaol: Infheistíocht lena rannchuidítear le pleananna agus cláir a cheanglaítear faoi *acquis* an Aontais Eorpaigh a chur chun feidhme maidir le cáilíocht an aeir, uisce, dramhaíl agus leis an dúlra

5. An taighde, an nuálaíocht agus an digitiú

5.1 Rannchuidiú leis an gcuspóir 3 % d'olltáirgeacht intíre (OTI) an Aontais a infheistiú sa taighde, san fhorbairt agus sa nuálaíocht

5.2 An líon fiontar a dtugtar tacaíocht dóibh tionscadail taighde agus nuálaíochta a dhéanamh

6. FBManna

6.1 An líon fiontar a dtugtar tacaíocht dóibh de réir a méide (micrifhiontair, fiontair bheaga, fiontair mheánmhéide agus fiontair mheánchaipitlithe)

6.2 An líon fiontar a dtugtar tacaíocht dóibh de réir a leibhéil forbartha (luathfhorbairt, fás/leathnú)

6.3 An líon fiontar a dtugtar tacaíocht dóibh de réir Ballstáit agus de réir réigiún ar leibhéal NUTS 2

6.4 An líon fiontar a dtugtar tacaíocht dóibh de réir earnálacha de réir cód aicmithe staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha san Aontas Eorpach (cód NACE)

6.5 Céatadán na méide infheistíochta faoi ionú beartais FBM a dhírítear ar FBManna

7. Infheistíocht shóisialta agus scileanna

7.1 Bonneagar sóisialta: Acmhainneacht agus rochtain ar bhonneagar sóisialta a dtugtar tacaíocht dó de réir earnála: tithíocht, an t-oideachas, an tsláinte agus eile

7.2 Micreamhaoiniú agus maoiniú fiontair shóisialta: An líon faighteoirí micreamhaoinithe agus fiontar sóisialta a dtugtar tacaíocht dóibh

7.3 Scileanna: An líon daoine aonair atá ag sealbhú scileanna nua nó a bhfuil a gcuid scileanna á mbailíochtú agus á ndeimhniú: cáilíocht fhoirmiúil, oideachais agus oiliúna

8. Infheistíocht Eorpach straitéiseach

8.1 Líon agus méid na n-oibríochtaí lena rannchuidítear le soláthar bonneagair chriticiúil, arna mhiondealú de réir bonneagar fisiciúil agus earraí agus seirbhísí gaolmhara, i gcás inarb infheidhme

8.2 Acmhainneacht bhreise bonneagair chriticiúil, arna mhiondealú de réir réimse, i gcás inarb infheidhme

8.3 Líon agus méid na n-oibríochtaí lena rannchuidítear le teicneolaíochtaí agus ionchuir chriticiúla a fhorbairt le haghaidh shlándáil an Aontais agus a Bhallstát, agus earraí dé-úsáide

8.4 An líon fiontar a dtugtar tacaíocht dóibh de réir a méide agus lena bhforbraítear agus lena monaraítear teicneolaíochtaí agus ionchuir chriticiúla le haghaidh shlándáil an Aontais agus a Bhallstát, agus earraí dé-úsáide

8.5 Líon agus méid na n-oibríochtaí lena rannchuidítear le hionchuir chriticiúla a sholáthar, a mhonarú agus a stoc-charnadh, lena n-áirítear soláthairtí cúraim sláinte criticiúla

8.6 Ionchuir chriticiúla bhreise, lena n-áirítear soláthairtí cúraim sláinte criticiúla, a dtugtar tacaíocht dóibh le haghaidh soláthar, monarú agus stoc-charnadh, de réir cineáil, i gcás inarb infheidhme

8.7 Líon agus méid na n-oibríochtaí lena dtugtar tacaíocht d'eochairteicneolaíochtaí cumasúcháin agus digiteacha a bhfuil tábhacht straitéiseach leo i dtaca le todhchaí thionsclaíoch an Aontais.